

Hurlamaboc - *Achoimre.*

Bhí gach rud foirfe i dteach Lisín. Bhí sí lánsásta le gach rud - A fear céile Pól, a mic Ruán agus Cuán, an teach, agus léi féin. Bhí Cuán trí bliana déag d'aois, agus bhí Ruán ocht mbliana déag. Bhí Lisín agus Pól pósta le fiche bliain, agus bhí siad ag ullmhú cóisire chun ceiliúradh. Bhí an teaghlach ar fad ag dúil leis - Sin a dúirt siad cibé. Ní raibh Pól saibhir nuair a bhuail siad le chéile don chéad uair, ach bhí sé múnlaithe aici. Anois, bhí ag éirí go sármhaith leis agus bhí meas ag gach duine air.

Bhí gach rud réidh aici agus bhí dhá reoiteoir lán le bia. Bhí péint nua ar na ballaí, bhí snas ar na hurláir, agus bhí bláthanna sna prócaí. Bhí an teach i gcónaí néata agus álainn ag Lisín, agus bhí sí féin i gcónaí néata agus álainn. Bhí cuma óg uirthi - Bhí sí tanaí agus bhí a cuid gruaige fionn. Bhí gruaig fhionn ar na mná ar fad ar an bhóthar, ach bhí Lisín níos néata agus níos faiseanta ná aon duine eile. Ní raibh ach bean amháin le gruaig dhorcha ann agus shíl na mná eile go raibh sí aisteach.

Chreid Ruán go mbeadh an cóisir "crap". Ach dúirt sé lena mháthair go mbeadh sé "cool", mar bhí sé ag iarraidh í a shásamh. Bhí grá aige dá mháthair, ach chuir sí laghisneach air an t-am ar fad. Tháinig comharsa go dtí an doras chun glacadh le cuireadh go dtí an chóisir. Bhí rud éigin faoin fhear a chuir isteach ar Ruán. Bhí sé cairdiúil agus gealgháireach, ach bhí súile géara aige agus é ag stánadh ort i gcónaí.

Ní raibh post ag Lisín lasmuigh den teach, mar ní raibh gá ar bith go mbeadh. Ach bhí sí ina ball de chuid mhór clubanna. Bhí sí ag freastal ar ranganna teanga chomh maith. Bean spéisíúil ab ea í a bhí ábalta labhairt ar aon ábhar faoin ghrian.